

Sraith straitéisí nua chun tacú le Cláir Náisiúnta eitinne san AE agus san LEE

Deireadh a chur leis an eitinn faoi 2030: cad is gá a dhéanamh?

Taispeánann sonraí an Lárionaid Eorpaigh um Chosc agus Rialú Galar do 2018 rátaí fógra eitinne de 10.2 in aghaidh an 100,000 i dtíortha an Aontais Eorpaigh (AE) agus Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa (LEE).

In ainneoin an laghdaithe seasta sna rátaí, is gá níos mó gníomhaíochta a dhéanamh má táimid chun spriocanna “Straitéis Deireadh Eitinne” EDS a bhaint amach faoi 2030 - i dtíortha a bhfuil minicíocht íseal iontu agus i dtíortha a bhfuil minicíocht níos airde iontu. Beidh freagairt láidir soiléir ag teastáil chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Tá éagsúlachtaí suntasacha ann idir an dul chun cinn maidir le pleananna agus treoirlínte straitéiseacha náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud an AE/LEE. D’fhoilsigh EDS agus roinnt ballstát Eorpach sraith straitéisí roimhe seo, sraith arbh é ba chuspóir leis na cineálacha modheolaíochtaí a sholáthar chun pleananna straitéiseacha náisiúnta a dhréachtú. Teastaíonn cur chuige níos spriocdhírthe agus níos tacúla, áfach, cur chuige lena gcuimseofaí spriocanna láidre Eorpacha, spriocanna ar leith i gcomhthéacsanna ar leith, chun tacú le seachadadh.

Chun tacú leis an gcuspóir rithábhachtach sin, tá Sraith Straitéisí Eitinne Eorpaí curtha le chéile againn, arna coimisiúnú ag CHAFAEA agus tá sé ar fáil saor in aisce do chách agus tá rochtain ag chách air.

Sraith Straitéisí Eitinne do Thíortha na hEorpa

Tacaíonn an tSraith Straitéisí le pleananna eitinne náisiúnta a fhorbairt nó a fheabhsú trí threoir cothrom le dáta a sholáthar ar chroí-chomhphárteanna de Plean Gníomhaíochta Eitinne nó Straitéis Eitinne. Comhdhlúthaíonn sé an fhianaise is déanaí atá dírithe ar an AE/LEE agus tuairimí saineolaithe ó 31 Bhallstát AE/LEE.

Uirlis phraiticiúil atá ann chun Straitéisí Eitinne tír-shonracha nó Pleananna Gníomhaíochta Eitinne a fhorbairt agus chun cur chun feidhme na straitéise eitinne a éascú, ag tarraingt ar phrionsabail ón tsraith straitéisí cineálach EDS a foilsíodh roimhe seo, ón Straitéis Chomhoibritheach um Eitinn do Shasana agus ón bPlean Náisiúnta Eitinne don Ísiltír. Tá sé mar aidhm ag an tSraith Straitéisí Eitinne seo:

- Pointe tagartha a sholáthar do réimsí tosaíochta a bhaineann go sonrach leis an AE agus LEE le haghaidh idirghabhála chun rialú agus cosc eitinne a fheabhsú;
- Tacú le pleanáil ar leibhéal náisiúnta agus leithdháileadh acmhainní bunaithe ar fhianaise arna hathbheithniú ag piaraí agus sonraí príomhúla;
- Tacaíocht a sholáthar chun tiomantas ardleibhéil a shlógadh agus chun teagmháil a dhéanamh le grúpaí geallsealbhóirí

Do chóip den tSraith Straitéisí a fháil agus a úsáid

Is uirlis phraiticiúil í Sraith Straitéisí Eitinne na hEorpa agus tá sí dírithe ar gach gairmí a dhéileálann leis an eitinn, chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt pleananna straitéiseacha náisiúnta eitinne agus chun tíortha agus an Eoraip a bhogadh i dtreo deireadh a chur leis an eitinn.

Meastar go ndéanfar an tSraith Straitéisí a bhailíochtú a thuilleadh sa chomhthéacs Eorpach, an comhthéacs ar dearadh é dó, i suíomhanna a bhfuil, agus nach bhfuil, Plean Gníomhaíochta Eitinne nó Straitéis Eitinne ann cheana, cuir i gcás, i suíomhanna ina bhfuil minicíocht eitinne íseal go meánach-ard, agus i réigiúin atá éagsúil ó thaobh tíreolaíochta de (e.g. suíomhanna Oirthear agus Iarthar an AE/LEE). Táthar ag súil go ndéanfar an tSraith Straitéisí a phiolótú i suíomhanna éagsúla.

Is féidir leat cóip den tsraith straitéisí a íoslódáil trínár e-detecttb.eu.
Seol ríomhphost chuig dominik.zenner@ucl.ac.uk chun tuilleadh eolais a fháil.



Conas a chuireamar an tSraith Straitéisí ar fáil: an próiseas comhoibritheach

Dhírigh próiseas forbartha agus ábhar na Sraithe Straitéisí E-DETECT Eitinne ar thosaíocht a thabhairt do phríomhréimsí rialaithe eitinne agus bhí punann fianaise mar bhonn agus mar thaca leis, i gcomhthéacs an AE/LEE. Is éard a bhí sa phunann fianaise:

- Suirbhé uile-Eorpach ar Phleananna Náisiúnta um Rialú Eitinne agus Straitéisí Eitinne, lena n-áirítear tosaíocht a thabhairt do réimsí gníomhaíochta agus bacainní ar chur i bhfeidhm idirghabhálacha maidir le rialú agus cosc eitinne
- Athbhreithniú córasach ar athbhreithnithe ar an mbonn fianaise le haghaidh idirghabhálacha chun an eitinn a rialú agus a chosc
- Athbhreithniú córasach agus sintéis fianaise ar bhacainní agus ar chumasóirí beartais, straitéisí agus treoirlínte a chur i bhfeidhm maidir le rialú agus cosc eitinne
- Tuairim shaineolach ó ionadaithe clár AE/LEE agus spriocphointí náisiúnta a fuarthas le linn príomhchruinniú Geallsealbhoirí, cruinniú a tionóladh i mí Dheireadh Fómhair 2018 i Leidenna hÍsiltíre, agus idirphlé leantach le páirtithe leasmhara.

D'oibríomar le raon leathan geallsealbhoirí, lena n-áirítear an clár oifigiúil Pointí Fócasacha agus ceannairí rialaithe eitinne ón AE/LEE, ón gCoimisiún Eorpach, ón Lárionad Eorpach um Rialú Galar (LERG), EDS Europe, saineolaithe eitinne eile agus ionadaithe ón tsochaí sibhialta, ón saol acadúil, agus ó earnáil na rialtas neamhrialtasach agus na sochaí sibhialta.

Conas a chuireamar an tSraith Straitéisí ar fáil: Comhdhearcadh agus Torthaí a thógáil

In ainneoin go raibh treoir mhodheolaíoch EDS ar fáil ó 2015 chun plean straitéiseach náisiúnta a fhorbairt, fuarthas amach ó na torthaí ón suirbhé uile-Eorpach, fuarthas amach go raibh bearnaí suntasacha i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm straitéise, is é sin le rá nach raibh straitéis rialaithe eitinne ag 14 de 31 bhallstát AE/LEE.

Tar éis dóibh torthaí na punainne fianaise a mheas, chomhaontaigh saineolaithe ar naoi gcroí-chomhpháirt don Phlean Náisiúnta Eitinne nó don tSraith Straitéisí Eitinne:

- Feasacht ar eitinn a ardú i measc gairmithe sláinte agus soláthraithe eile
- Vacsaíniú spriocdhírthe BCG
- Cúram agus cosc eitinne atá frithsheasmhach in aghaidh ildrugáí a fheabhsú
- Rianú teagmhálaithe
- Bainistíocht ar chomhréiteach VEID-Eitinne
- Dul i ngleic leis an eitinn i ngrúpaí tearc-sheirbhíse
- Scagadh spriocdhírthe eitinne i ngrúpaí ardriosca
- Faireachas agus monatóireacht
- Fórsa saothair speisialaithe eitinne a oiliúint agus a fhorbairt

As na croí-chomhphárteanna sin, rinneamar iniúchadh níos mionsonraithe ar thrí cinn díobh seo a leanas:

- Feasacht ar an eitinn a ardú sa phobal agus i gcúram príomhúil
- Grúpaí tearc-sheirbhíse a bhaint amach
- Scagadh spriocdhírthe eitinne i ngrúpaí ardriosca

Rinneadh tuilleadh ceistiúcháin ar na réimsí sin, ní toisc gur tábhachtaí ná na croí-chomhphárteanna eile iad, ach mar gheall ar na constaicí praiticiúla atá ann chun iad a sheachadadh. Pléadh na trí chomhpháirt sin, agus réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann, ag cruinniú Dheireadh Fómhair 2018 i Leiden agus tá níos mó eolais fúthu tSraith Straitéisí.

Cinnteoireacht maidir le cé na croí-chomhphárteanna atá le háireamh i straitéis náisiúnta nó i bplean gníomhaíochta ba chóir a bheith faoi threoir eipidéimeolaíoch áitiúil agus eolas áitiúil pháirtithe leasmhara a bpobal. Déantar iniúchadh ar chur chuige sonraí-tiomáinte a úsáideann anailís eipidéimeolaíoch náisiúnta agus fo-náisiúnta ar chláranna cásanna eitinne le haghaidh gnáthfhairachais agus faireachas feabhsaithe sa tSraith Straitéisí.

SÉANADH: Léiríonn ábhar an doiciméid seo dearcadh an údair amháin agus is é an t-aon fhreagracht atá air; ní féidir a mheas go léiríonn sé tuairimí an Chomisiúin Eorpaigh agus/nó na Gníomhaireachta Feidhmiúcháin Tomhaltóirí, Sláinte, Talmhaíochta agus Bia (CHAFEA) nó aon chomhlacht eile den Aontas Eorpach. Ní ghlacann an Coimisiún Eorpach ná an Gníomhaireacht le haon fhreagracht as úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá ann.

